



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2021/0378(COD)
2021/0379(COD)
2021/0380(COD)

14377/21
ADD 2

EF 367
ECOFIN 1169
CODEC 1547

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2021) 345 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis na doiciméid Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht. Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 345 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 345 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
SWD(2021) 345 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR

a ghabhann leis na doiciméid

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha maidir le seirbhísí airgeadais, le margáí caipítíl agus leis an inbhuanaitheacht.

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh

{COM(2021) 723 final} - {COM(2021) 724 final} - {COM(2021) 725 final} -
{SEC(2021) 572 final} - {SWD(2021) 344 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad le haghaidh togra maidir leis an Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair
A. An gá atá le beart
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Chun cinntí infheistíochta fõnta a dhéanamh, ní mór d'infheisteoirí i margaí caipitil rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis nach mór d'eintitis a fhoilsiú faoi dhlí an Aontais agus a bheith in ann an fhaisnéis sin a úsáid go digiteach (faisnéis airgeadais, agus faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le táirgí, etc.). Sa lá atá inniu ann, tá rochtain ar an bhfaisnéis sin scaipthe ar fud na mBallstát agus is ar éigean is féidir iad a úsáid go digiteach. Ar na bacainní eile, áirítear an bhacainn teanga, ach téarmaí úsáide sriantacha freisin. Fágann sé sin go mbíonn sé níos costasaí d'úsáideoirí faisnéise corparáide agus úsáideoirí faisnéise faoi tháirgí an fhaisnéis ábhartha a chuardach, a úsáid agus anailís a dhéanamh uirthi. Fágann sé sin nach mbeadh seirbhísí airgeadais de chuid an Aontais chomh héifeachtúil agus chomh comhtháite céanna agus cuireann sé bac ar fhás inbhuanaithe.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Fógraíodh bunú Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair (ESAP) i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil (CMU) i mí Mheán Fómhair 2020. Tá sé d'aidhm aige bacainní ar an rochtain ar fhaisnéis a laghdú trí mhodhanna digiteacha. Méadófar leis na sreabha faisnéise laistigh den Aontas, lena n-áirítear sreabha faisnéise thar theorainneacha. Tá sé d'aidhm aige freisin úsáid agus athúsáid dhigiteach na faisnéise a chothú. Leis na héachtaí sin maidir le sreabha agus úsáid faisnéise, cuideofar le seirbhísí airgeadais agus margaí caipitil a chomhtháthú agus le caipiteal a leithdháileadh ar bhealach níos fearr dá réir sin. Mar spás coiteann sonraí, beifear in ann le ESAP teicneolaíochtaí agus seirbhísí nua a fhorbairt mar shampla teicneolaíochtaí agus seirbhísí atá bunaithe ar uathoibriú nó ar intleacht shaorga.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?
Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an tionscnaimh seo a bhaint amach go leordhóthanach leo féin (i.e. bunachair sonraí agus faisnéis ar fud an Aontais a chomhtháthú agus iad a dhéanamh inúsáidte go digiteach). Faoi láthair, leagtar amach i reachtaíocht na mBallstát formhór na rialacha a bhaineann le bealaí agus formáidí nochtta faisnéise maidir le tuairisciú corparáideach. I bhfianaise an scála agus na n-éifeachtaí a bhaineann le hIonad Eorpach Ilfhreastail Aonair a bhunú, is féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal an Aontais.

B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Scrúdaíodh roinnt roghanna éagsúla reachtacha agus neamhreachtacha, as a dtáinig na roghanna tosaíochta seo a leanas maidir le cúig phríomhghnéithe: - Raon feidhme: áirítear i raon feidhme na faisnéise atá ar fáil trí ESAP gach faisnéis a bhaineann le heintiteas, le táirge agus faisnéis ábhartha eile arna foilsiú ag na heintitis faoi raon feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhísí airgeadais, maille le cur chuige céimnithe ó 2024 go dtí 2026; - Formáidí: le ESAP glacfar le faisnéis/doiciméid a ullmhaítear i bhformáidí ónar féidir sonraí a asbhaint atá oscailte agus a n-úsáidtear go forleathan iad, agus beifear in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhormáidí atá inléite ag meaisín san fhadtárma, de réir an cháis, le chéile le tacar de mheiteashonraí íosta coiteanna; - Pointí bailithe: eagrófar ar bhonn díláraithe an fhaisnéis a bhailiú lena gcuirfear leis na

comhlachtaí náisiúnta atá ann cheana amhail na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil, nó comhlachtaí an Aontais Eorpaigh amhail na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha. Le gach pointe bailithe, beifear in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ar ESAP trí chomhéadain feidhmchláir; - Sonraí oscailte: cothófar le ESAP beartas sonraí oscailte a bheidh bunaithe ar théarmaí úsáide oscailte lena mbeifear in ann faisnéis a athúsáid, rochtain saor in aisce a fháil ar fhaisnéis agus ar fhormáidí oscailte a úsáidtear go forleathan; - Rialachas: is é an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ÚEUM) a rialóidh ESAP.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Tá tacaíocht fhorleathan ag ESAP ar fud gach príomhghrúpa páirtithe leasmhara. A mhéid a bhaineann le dearadh agus cur ar bun ESAP, bhí tromlach na bhfreagróirí sa chomhairliúchán spriocdhírthe agus tromlach na rannpháirtithe sna r-cheardlanna i bhfabhar raon feidhme leathan na faisnéise a nochtar go poiblí a bheith acu, is é sin faisnéis airgeadais a bhaineann le hinbhuanaitheacht, faisnéis a bhfuil rochtain éasca uirthi agus atá inléite ag meaisín ar bhealach láraithe. Éilíonn úsáideoirí na faisnéise sin sonraí dea-cháilíochta agus sonraí digitithe breise chun go gcuirfead ar a gcumas dóibh na sonraí sin a úsáid go leictreonach. A mhéid a bhaineann le rialachas, thacaigh tromlach le comhlacht poiblí a bheadh i gceannas ar ESAP, cé gur thacaigh cuid mhór daoine le rannpháirtíocht bhreise na hearnála príobháidí sa rialachas.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Le ESAP cuirfead le cúrsaíocht na faisnéise laistigh de na Ballstáit agus thar teorainneacha. Méadófar leis úsáid dhigiteach na faisnéise sin. Is as seo a thiocfaidh infheictheacht aon rannpháirtí sa mhargadh, infheictheacht atá níos airde, comhionann agus neamh-idirdhealaitheach, agus comhdaitheoir deonach d'infheistitheoirí, d'anailísithe, d'idirmheánaigh, do thaighdeoirí nó do chistí, gan spleáchas dá méideanna féin nó do mhéid a margaidh. Cruthófar leis sin deiseanna maoinithe agus cuirfead le leithdháileadh níos fearr agus costas caipitil níos ísle chomh maith le hathléimneacht bhreise an mhargaidh inmheánaigh. Le ESAP tabharfar rochtain éasca ar réimse níos leithne faisnéise ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil, agus cruthófar deiseanna nua dá bhrí sin. Sábhálfaidh úsáideoirí am agus acmhainní le haghaidh faisnéis a chuardach agus a phróiseáil. Le ESAP cuideofar le haghaidh a thabhairt ar an ngá méadaithe atá ag cuideachtaí le sonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a fháil, rud a chuirfidh le cuspóirí an mhaoinithe inbhuanaithe agus an Chomhaontaithe Ghlais. Le ESAP, beifear in ann seirbhísí nuálacha a sholáthar sa réimse airgeadais bunaithe ar anailísíocht, mhórshonraí nó intleacht shaorga / mheaisínfhoghlaím, agus rochtain agus úsáid ar ghléasanna leictreonacha freisin.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Suas le EUR 16 milliún a bheidh i gcostais iomlána an chur chun feidhme (bonneagar) agus oibriú ESAP a dhéanfaidh ÚEUM le linn na tréimhse 2022 go 2027. Meastar go mbeidh thart ar EUR 50 800 ar na costais a bhaineann le hidirnasc an Aontais Eorpaigh/na bpointí bailithe náisiúnta le ESAP in aghaidh an chomhlachta bailithe agus go mbeidh EUR 3.1 milliún orthu go comhchoiteann (costais aonuaire), agus bheadh thart ar EUR 6 500 ar chostais athfhillteacha in aghaidh an chomhlachta bailithe agus bheadh thart ar EUR 0.4 milliún i gceist go comhchoiteann. Le haghaidh ullmhaitheoirí sonraí i raon feidhme ESAP, ba cheart gur dhiomaibhseach iad costais aonuaire (e.g. clárú le comhlacht bailithe) ach meastar gur suas le EUR 800 ar leibhéal aonair agus thart ar EUR 121 milliún ar leibhéal comhchoiteann an Aontais Eorpaigh a bheidh ar na costais athfhillteacha bhliantúla a bhaineann le cúrsaí comhdaithe, agus leis an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh, an teastas digiteach agus an uirlis sínithe a fháil.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?
De bharr go bhfuil an gá atá le hinfheictheacht níos mó i measc FMBanna (i.e. i ngeall ar an easpa taighde ar FMB), ceadófar le ESAP faisnéis a uaslódáil ar bhonn deonach ag eintitis neamhliostaithe amhail FMBanna, rud lena gcruthófar deiseanna maoinithe breise i ngeall ar an infheictheacht mhéadaithe, agus cuirfear le cumas na n-eintiteas sin dul níos faide ná a dteorainneacha féin.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Maidir le cistiú a sholáthrófar do ÚEUM (le haghaidh costais riaracháin agus oibriúcháin araon) tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta, beidh sé comhchistithe trí bhuiséad an Aontais le haghaidh suas le 40 % agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta le haghaidh an 60 % atá fágtha. Ní dhéantar leis an togra na bealaí ina gcoigeartódh na comhlachtaí bailithe náisiúnta poiblí a bhfoinsí cistí a fhorordú, i gcás inar gá. Leis an gclár sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheach ón gCoimisiún (AS REFORM), is féidir an tacaíocht theicniúil le haghaidh cur chun feidhme ESAP ag na húdaráis inniúla náisiúnta a chistiú go páirteach, arna iarraidh sin dóibh.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Ní bheidh.
D. Obair leantach
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm, agus go gcuirfear chun feidhme a uirlisí faireacháin.